An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 29 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**EUCO 11/26**

**CO EUR 9**
**PV/CO EUR 3**

**MIONTUAIRISCÍ**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (19 Márta 2026) |

Ag an gcruinniú a bhí aici an 18-19 Meitheamh 2026, d'fhormheas an Chomhairle Eorpach miontuairiscí an chruinnithe a bhí aici an 19 Márta 2026, mar a leagtar amach sa doiciméad seo iad, agus chinn iad a chur ar fáil don phobal.

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Seisiún tuairimíochta le hUachtarán Pharlaimint na hEorpa | 3 |
| 2. | Seisiún tuairimíochta le hUachtarán na hÚcráine | 3 |
| 3. | Seisiún tuairimíochta le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe | 3 |
| 4. | Glacadh an chláir oibre | 3 |
| 5. | An Úcráin | 3 |
| 6. | An Meánoirthear | 3 |
| 7. | An t-iomaíochas agus an Margadh Aonair | 3 |
| 8. | Cosaint agus slándáil na hEorpa | 4 |
| 9. | An imirce | 4 |
| 10. | An t-iltaobhachas | 4 |
| 11. | Ábhair eile | 4 |
| 12. | Glacadh na gconclúidí | 4 |
| 13. | Ceapachán Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh | 4 |
| 14. | Miontuairiscí an chruinnithe den Chomhairle Eorpach an 18 Nollaig 2025 a fhormheas agus cinneadh a dhéanamh iad a chur ar fáil don phobal | 4 |

**1. Seisiún tuairimíochta le hUachtarán Pharlaimint na hEorpa**

D’éist an Chomhairle Eorpach lena raibh le rá ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa.

**2. Seisiún tuairimíochta le hUachtarán na hÚcráine**

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le hUachtarán na hÚcráine, Volodymyr ZELENSKYY, trí nasc físe.

**3. Seisiún tuairimíochta le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe**

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, António GUTERRES.

**4. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle Eorpach a clár oibre mar a leagtar amach in EUCO 3/26 é. Chinn sí an mhír maidir leis an gCéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile a bhaint agus teacht ar ais chuig an ábhar sin ag cruinniú a bheidh aici amach anseo.

**5. An Úcráin**

Phléigh an Chomhairle Eorpach a bhfuil tarlaithe le déanaí maidir leis an Úcráin. Thacaigh 25 Cheann Stáit nó Rialtais go láidir leis an téacs a leagtar amach in EUCO 2/26.

Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an Úcráin ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici.

**6. An Meánoirthear**

Phléigh an Chomhairle Eorpach a bhfuil tarlaithe le déanaí sa Mheánoirthear.

**7. An t-iomaíochas agus an Margadh Aonair**

Phléigh an Chomhairle Eorpach an t-iomaíochas agus chuir sí treoir bhreise ar fáil i bhfoirm clár oibre ‘Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin’.

Déanfaidh an Chomhairle Eorpach athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn maidir leis na sraitheanna uile agus cuirfidh siad treoir straitéiseach bhreise ar fáil nuair is gá. Fillfidh sí go háirithe ar na saincheisteanna a dtugtar aghaidh orthu faoi ‘Praghsanna fuinnimh inacmhainne agus Aontas Fuinnimh 2030’ i mí an Mheithimh 2026 agus déanfaidh sí athbhreithniú ar an dul chun cinn.

Phléigh an Chomhairle Eorpach na tosaíochtaí do Sheimeastar Eorpach 2026 agus an dréachtmholadh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro.

**8. Cosaint agus slándáil na hEorpa**

Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar chosaint agus slándáil na hEorpa.

**9. An imirce**

Bhreithnigh an Chomhairle Eorpach an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na gconclúidí uaithi maidir leis an imirce.

**10. An t-iltaobhachas**

Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar an iltaobhachas.

**11. Ábhair eile**

Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar an méid a leanas:

- Athléimneacht dhaonlathach na hEorpa a neartú;
- Leanaí a chosaint ar líne;
- Réigiúin oirthearacha an Aontais a bhfuil teorainn acu leis an Rúis, an Bhealarúis agus an Úcráin; agus
- abhainn Dnístir.

**12. Glacadh na gconclúidí**

Ghlac an Chomhairle Eorpach na conclúidí, ina léirítear toradh a cuid plé, mar a leagtar amach in EUCO 1/26 iad.

**13. Ceapachán Leas-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh**

Chinn an Chomhairle Eorpach Boris VUJČIĆ ina Leas-Uachtarán ar an mBanc Ceannais Eorpach ar feadh téarma oifige 8 mbliana ón 1 Meitheamh 2026 (EUCO 7/26).

**14. Miontuairiscí an chruinnithe a bhí ag an gComhairle Eorpach an 18 Nollaig 2025 a fhormheas agus cinneadh a dhéanamh iad a chur ar fáil don phobal (EUCO 27/25)**

D'fhormheas an Chomhairle Eorpach miontuairiscí an chruinnithe a tionóladh an 18 Nollaig 2025, mar a leagtar amach in EUCO 27/25 iad, agus chinn sí iad a chur ar fáil don phobal.